

EACNAMAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL
(400 MARC)

DÉARDAOIN, 24 MEITHEAMH 1999 - MAIDIN, 9.30 - 12.00

Gan ach sé cheist a fhreagairt as Roinn A agus ceithre cheist as Roinn B. Tabharfar creidiúint ar an bhfreagairt a bheith soiléir cruinn cuí agus ar an ábhar a bheith leagtha amach i ndea-ord.

ROINN A (100 marc)

Tá an roinn seo ar bhileog faoi leith ina bhfuil spás do do fhreagraí. Ní mór an bhileog sin agus í comhlánaithe, a chur ar ais le do fhreagarleabhair ag deireadh an scrúdaithe.

ROINN B (300 marc)

Gan níos mó ná ceithre cheist a fhreagairt. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc (i.e. 75). Tabhair aird ar an bhforoinnt sna ceisteanna.

1. (a) Le go gcuirfí tráchtarra san áireamh mar earra eacnamaíoch ní mór saintréithe ar leith a bheith ag baint leis.
 - (i) Luaigh agus mínigh **TRÍ CINN** de na saintréithe sin.
 - (ii) Tabhair **DHÁ** shampla de thráchtarraí **NACH** gcuirfí san áireamh mar earraí eacnamaíocha.
Cuir gearmhíniú mar thaca le gach rogha. (25 marc)
 - (b) Pléigh na fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar éileamh an Tomhaltóra ar thráchtarraí. (30 marc)
 - (c) Tabhair sainmhíniú ar gach ceann díobh seo a leanas:
 - (i) Earra normálta.
 - (ii) Earra Giffen.
 - (iii) Earra lagmheasa. (20 marc)
- [75 marc]**
2. (a) Cén bhrí atá le margadh olagaplach?
Tabhair **DHÁ** shampla de thionscail a ndearctar orthu mar thionscail olagaplacha in Éirinn. (20 marc)
 - (b)
 - (i) Mínigh le cuidiú léaráide cruth chuar éilimh gnólachta in iomaíocht olagaplach.
 - (ii) Dá bhrí sin, mínigh an rud a chiallaíonn an téarma 'Righneas Praghsanna'. (30 marc)
 - (c)
 - (i) Déan idirdhealú idir iomaíocht phraghsanna agus iomaíocht nach mbaineann praghsanna léi.
 - (ii) Cé acu cineál iomaíochta a mheasann tusa is fearr don cheannaitheoir?
Tabhair **DHÁ** chúis le do fhreagra. (25 marc)

[75 marc]

3. (a) (i) Sainmhínigh fiontar mar fhachtóir táirgthe.
(ii) An dtuilleann gach fiontraí an leibhéal céanna brabús?
Tabhair cúis le do fhreagra. (15 marc)
- (b) Pléigh na cúiseanna a bhfuil fiontraithe chomh tábhachtach sin ó thaobh fhorbairt na heacnamaíochta. (25 marc)
- (c) (i) Mínigh an bhrí atá leis an téarma infheistíocht i gcúrsaí eacnamaíochta.
(ii) Pléigh na fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar leibhéal na hinfheistíochta in Éirinn. (35 marc)
- [75 marc]
4. (a) (i) Mínigh an bhrí atá le Trasleasteachas Éilimh.
(ii) Léirigh an fhoirmle faoinar féidir é a thomhas. (20 marc)
- (b) Tugtar an t-eolas seo a leanas duit faoi earraí áirithe:
- Trasleasteachas Éilimh idir Earra A & Earra B = +2.5*
Trasleasteachas Éilimh idir Earra A & Earra C = -0.6
Trasleasteachas Éilimh idir Earra A & Earra D = +0.3
Trasleasteachas Éilimh idir Earra A & Earra E = -1.4
- Cé acu de na hearraí seo ar comhlánuithe iad d'Earra A? Mínigh do fhreagra.
 Cé acu de na hearraí seo arb é an t-ionadach is gaire é d'Earra A?
 Mínigh do fhreagra. (25 marc)
- (c) Tabhair sainmhíniú ar na cineálacha nó na céimeanna leasteachas praghais éilimh:
 (i) Éileamh leasteach.
 (ii) Éileamh neamhleasteach.
 (iii) Leasteachas aonaid.
 (iv) Éileamh neamhleasteach foirfe.
 (v) Éileamh leasteach foirfe. (30 marc)
- [75 marc]
5. (a) Déan idirdhealú idir cánacha céimnitheacha agus cánacha cúlchéimnitheacha.
 Tabhair sampla AMHÁIN de gach cineál cánachais. (20 marc)
- (b) Déan na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag laghdú i gcáin ioncaim ar gheilleagar na hÉireann a phlé. (30 marc)
- (c) 'Bíonn méaduithe cánach faoi réir na nDlíthe Torthaí Laghdaitheach'.
 Mínigh an bhrí atá leis an ráiteas sin.
 An mó a bhaineann an rud sin le cánacha díreacha nó cánacha indíreacha?
 Mínigh do fhreagra. (25 marc)
- [75 marc]

6. (a) Mínigh an bhrí atá leis an téarma “forbairt eacnamaíoch”. (15 marc)

(b) Pléigh an bealach a bhféadfaí forbairt eacnamaíoch i dtíortha tearcfhorbartha a chur chun cinn:

(i) dá ndéanfadh a rialtais féin é.

(ii) le cabhair ó rialtais eachtrannacha. (30 marc)

(c) Breacrianaigh TRÍ bhuntáiste agus TRÍ chostas a bhaineann le forbairt eacnamaíoch sna tíortha sin. (30 marc)

[75 marc]

7. (a) Luaigh agus mínigh CÚIG fhachtóir a mbíonn tionchar acu ar luach malairte eachtraí an airgeadra Éireannaigh. (25 marc)

(b) Tá onnmhairí na hÉireann ag fás go seasta le blianta beaga anuas.

Pléigh na héifeachtaí a bhíonn ag an bhforbairt sin ar gach ceann díobh seo a leanas:

(i) leibhéal na n-allmhairí Éireannacha;

(ii) méid na hiasachta a fuair Rialtas na hÉireann. (25 marc)

(c) D'éirigh leis an Údarás Forbartha Tionscail tuilleadh gnólachtaí eachtrannacha a mhealladh go hÉirinn le blianta beaga anuas.

Déan cur síos ar an gcaoi a bhfuil tionchar aige sin ar Chomhardú Íocaíochtaí na hÉireann. (25 marc)

[75 marc]

8. (a) Luaigh agus mínigh TRÍ aidhm eacnamaíocha de chuid an rialtais. (20 marc)

(b) Tá polasaithe ar leith ar fáil don rialtas lena chuid aidhmeanna a bhaint amach.

Ina measc tá:

- Polasaí Fioscach

- Polasaí Airgeadaíochta

Mínigh an bhrí atá le gach ceann díobh sin thuas. (20 marc)

(c) Tabhair DHÁ shampla de chás a bhféadfadh polasaithe eacnamaíocha a bheith i gcoimhlint lena chéile i.e. polasaithe a cuireadh i bhfeidhm le haidhm amháin a bhaint amach, d'fhéadfadh sé deacrachtaí a chruthú ó thaobh ceann de na haidhmeanna eile a bhaint amach. (20 marc)

(d) Mínigh go hachomair an brí atá leis an téarma ‘polasaí airgeadaíoch’. (15 marc)

[75 marc]

RABHADH

Ní mór an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.

M.59AT

**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Scrúdú na hArdteistiméireachta, 1999**

EACNAMAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

ROINN A (100 marc)

Scrúduimhir

--

Freagair aon **sé cinn** díobh seo a leanas:-

1. Luaigh **Dlí na hÁirgiúlachta Imeachaí Laghdaithí**.

.....

.....

.....

(16 marc)

2. Bogann Cuar an tSoláthair do thráchtearra ar dheis.
Luaigh **DHÁ** chúis a bheadh leis an bhforbairt sin.

(a)

(b)

(16 marc)

3. Is é an sainmhíniú atá ar an bhfachtóir táirgthe, caipiteal, ná

.....

.....

.....

(16 marc)

4. Tabhair sainmhíniú ar éifeachtacht imeallach caipitil.

.....

.....

.....

(16 marc)

5. Mínigh an bhrí atá leis an téarma **Riachtanas Iasachta na hEarnála Poiblí**.

.....
.....
.....

(16 marc)

6. Luaigh **AON CHEITHRE** fheidhm atá ag an mBanc Ceannais.

- (a)
- (b)
- (c).....
- (d).....

(17 marc)

7. Tabhair sainmhíniú ar an bhrí atá le **lánfhostaíocht**.

.....
.....
.....

(17 marc)

8. Léirigh an ghaolmhaireacht idir Olltáirgeacht Náisiúnta ar thoisc-chostas agus Olltáirgeacht Náisiúnta ar phraghsanna an mhargaidh.

.....
.....
.....

(17 marc)

9. Luaigh **TRÍ** cinn de bhoinn tuisceana bunúsacha **Dhlí an Bhuntáiste Chomparáideachta**.

- (i)
- (ii)
- (iii)

(17 marc)